AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.8.2023
COM(2023) 498 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an bhféidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch sainaithint leictreonach éigeantach bó-ainmhithe a thabhairt isteach ar fud an Aontais

Clár Ábhar

Réamhrá 2
Cúlra 2
Rialacha reatha AE 3
Suirbhé ar eID le haghaidh bó-ainmhithe 4
Anailís ar na torthaí 5
Féidearthacht de eID le haghaidh bó-ainmhithe a úsáid 5
Úsáid reatha as eID le haghaidh bó-ainmhithe 5
Modh leictreonach sainaitheantais údaraithe 7
Sástacht maidir leis na rialacha reatha 7
Conclúidí 8

Réamhrá

Is é is aidhm don doiciméad seo forbhreathnú a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar an staid reatha maidir le sainaithint leictreonach bó-ainmhithe san Aontas Eorpach agus anailísí an Choimisiúin a thíolacadh maidir leis an indéantacht é a dhéanamh éigeantach ar fud an Aontais.

Tugadh isteach córais leictreonacha chun ainmhithe a shainaithint san Aontas Eorpach, trí reachtaíocht atá i bhfeidhm le breis agus 20 bliain cheana féin. Áirítear orthu sin córais éigeantacha chun ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a shainaithint go leictreonach, de réir Rialachán (CE) Uimh. 21/2004[1], chomh maith le córais dheonacha le haghaidh bó-ainmhithe a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000[2], arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 653/2014[3].

Ceanglaítear le hAirteagal 23a de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 18 Iúil 2023 maidir leis an bhféidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch sainaithint leictreonach éigeantach bó-ainmhithe a thabhairt isteach ar fud an Aontais agus gur cheart tograí reachtacha iomchuí a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, más gá. Tugadh an fhoráil seo isteach le Rialachán (AE) Uimh. 653/2014, lena nglactar leis go bhféadfadh úsáid a bhaint as córais um shainaithint leictreonach ('eID') na próisis inrianaitheachta a chuíchóiriú tríd an léamh agus an taifeadadh a uathoibriú sa chlár a choimeádann na hoibreoirí bó-ainmhithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur féidir tuairisciú uathoibrithe ar ghluaiseachtaí bó-ainmhithe chuig an mbunachar sonraí ríomhairithe a chumasú, rud a d'fheabhsódh luas, iontaofacht agus cruinneas an chórais inrianaitheachta. D'fhéadfadh úsáid na gcóras eID an fhéidearthacht d'fheabhas a chur ar bhainistiú íocaíochtaí díreacha áirithe le feirmeoirí.

Cúlra

Is éard atá i gceist le sainaithint leictreonach go ginearálta ná sainaithint trí úsáid a bhaint as minicíocht raidió. Tá dhá ghné ag baint le sainaithint leictreonach dá leithéid: an t-aitheantóir agus an léitheoir. Tá trasfhreagróir éighníomhach san aitheantóir (micrishlis gan aon fhoinse fuinnimh taobh istigh) lena dtarchuirtear faisnéis atá sa chuimhne (cód aitheantais) nuair a ghníomhaíonn an léitheoir (tarchuradóir-glacadóir) é ag minicíocht áirithe. Féadfaidh sainaithint leictreonach rannchuidiú le feabhsuithe ar na córais atá ann cheana chun bó-ainmhithe a shainaithint. Mar shampla, le haitheantóirí leictreonacha, ligtear do léamh níos tapúla agus cruinneas léitheoireachta níos airde ná clibeanna cluaise clasaiceacha. Is féidir freisin léamh dinimiciúil agus sonraí a iontráil go díreach i mbunachair shonraí (ag fáil réidh le hearráidí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr iontráil mhíchruinn bunachar sonraí). D'fhéadfadh sé seo go háirithe an nós imeachta a éascú chun gluaiseachtaí ainmhithe a thuairisciú don bhunachar sonraí. Mar sin féin, níor cheart rómheastachán a dhéanamh ar rannchuidiú na sainaitheanta leictreonaí chun sainaithint agus inrianaitheacht ainmhithe a fheabhsú i bhfianaise chineál na ndeacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm na gcóras atá ann cheana. Is réamhchoinníollacha iad clibeáil iomlán na n-ainmhithe go léir agus bainistiú éifeachtach

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena bhunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8)

2 Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

3 Rialachán (AE) Uimh. 653/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 maidir le sainaithint leictreonach bó-ainmhithe agus maidir le lipéadú mairteola (IO L 189, 27.6.2014, lch. 33)

sonraí d'aon chóras sainaitheantais, beag beann ar aitheantóirí leictreonacha nó clibeanna cluaise clasaiceacha a úsáid.

I bhfianaise na forbartha teicneolaíche ar chineálacha nua aitheantóirí leictreonacha, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 le Rialachán (AE) Uimh. 653/2014 d'fhonn ionad a chur ar fáil do rialacha an Aontais amach anseo lena gcumasófar úsáid a bhaint as aitheantóirí leictreonacha mar modh oifigiúil sainaitheantais. Sonraítear in Aithris 16 a ghabhann leis an Rialachán sin "go bhféadfadh drochthionchar eacnamaíoch a bheith ar oibreoirí áirithe dá mbeadh eID buaibheach éigeantach ar fud an Aontais". B'iomchuí mar sin go ndearnadh a úsáid ag coimeádaithe deonach. Ní hionann na córais saothraíochta, na cleachtais feirmeoireachta ná eagraíochtaí na hearnála sna Ballstáit éagsúla. Ceadaíodh dá bhrí sin do na Ballstáit eID a dhéanamh éigeantach ar a gcríoch.

Baineadh úsáid as roinnt tuarascálacha in ullmhú Rialachán (AE) Uimh. 653/2014. I 1998 sheol an Coimisiún tionscadal taighde ar mhórscála maidir le sainaithint leictreonach beostoic ar a dtugtar an tionscadal IDEA (IDentification Electronic des Animaux). Is é Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (JRC) a thug faoin obair. Cuireadh an tuarascáil deiridh i láthair in Aibreán 2002 agus rinneadh soiléirithe riachtanacha i mí Iúil 2002. Léiríodh leis an tionscadal seo, i bprionsabal, gur féidir le húsáid aitheantóirí leictreonacha feabhas suntasach a chur ar chórais um shainaithint ainmhithe ar choinníoll go gcomhlíontar roinnt coinníollacha a bhaineann leis na bearta a ngabhann leis.

In 2005, thíolaic an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an bhféidearthacht ríomhaitheantas a thabhairt isteach do bhó-ainmhithe[4]. Ba é cuspóir na tuarascála sin achoimre a dhéanamh ar an taithí a fuarthas ar bhonn an tionscadail IDEA agus teacht ar chonclúidí maidir leis na coinníollacha a bhaineann le socruithe ríomh-shainaithint maidir le bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas Eorpach. Bhain an Coimisiún de thátal as sa tuarascáil sin gur tugadh le fios go bhfuil sé léirithe go bhfuil an tsainaithint radaimhinicíochta tagtha in inmhe a mhéid sin gur féidir í a úsáid sa chleachtas cheana féin. Tugadh le fios sa tuarascáil sin freisin gur buntáisteach athrú go eID bó-ainmhithe san Aontas ós rud é go gcuideodh sí, i measc tairbhí eile, leis an ualach riaracháin a laghdú.

In 2009, choimisiúnaigh an Coimisiún Eorpach 'Staidéar ar shainaithint leictreonach a thabhairt isteach (EID) mar mhodh oifigiúil chun bó-ainmhithe a shainaithint laistigh den Aontas Eorpach', lenar áiríodh anailís costais is tairbhe maidir le sainaithint leictreonach de bhó-ainmhithe. Baineadh de thátal as an staidéar seo go bhfuil "costais níos airde ag baint le EID maidir le haitheantóirí agus trealamh léitheoireachta i gcomparáid leis an ngnáthshainaithint", agus "Nach bhfuil cothromaíocht feadh an tslabhra táirgthe ar fad idir costais agus tairbhí díreacha". Ba é an tátal a bhain an staidéar amach gurb é an rogha tosaíochta a bheadh i gceist leis an eID a thabhairt isteach go deonach san earnáil bhuaibheach ar bhonn caighdeán comhchuibhithe. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh an deis ag Ballstáit aonair córas oibleagáideach (nó éigeantach) a roghnú ar an leibhéal náisiúnta.

Rialacha reatha AE

Sa tréimhse suas go dtí an 21 Aibreán 2021, rinneadh sainaithint agus clárú bó-ainmhithe a rialáil le Rialachán tiomnaithe (CE) Uimh. 1760/2000.

Amhail an 21 Aibreán 2021, tá na rialacha maidir le sainaithint agus tuairisciú bó-ainmhithe leagtha síos i Rialachán (AE) 2016/429[5] (Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe - AHL), arna

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52005DC0009

5 Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1)

fhorlíonadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035[6] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/520[7]. De réir Airteagal 112(a) AHL, ní mór bó-ainmhithe a shainaithint ina n-aonar trí mhodh fisiceach sainaitheantais. Leagtar síos in Airteagal 38(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 nach mór an modh sainaitheantais a bheith ina gnáthchlib cluaise i ngach cluas. In Airteagal 41(1) den Rialachán Tarmligthe sin foráiltear don deis do na Ballstáit a údarú go bhféadfar aitheantóir leictreonach a chur in ionad ceann de na gnáthchlibeanna cluaise. Má údaraíonn Ballstát athsholáthar den sórt sin, féadfaidh na hoibreoirí eID deonach buaibheach a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir le hAirteagal 269 AHL, féadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh de bhreis ar na bearta sin a leagtar síos faoin Rialachán sin maidir le ceanglais inrianaitheachta le haghaidh bó-ainmhithe ar coimeád, nó bearta níos déine ná na bearta sin a leagtar síos faoin Rialachán sin. Leis sin tugtar an deis do na Ballstáit úsáid eID buaibheach a dhéanamh éigeantach. Rinneadh foráil freisin don deis seo chun úsáid eID a dhéanamh éigeantach ar an leibhéal náisiúnta sna rialacha maidir le hinrianaitheacht bó-ainmhithe a bhí i bhfeidhm sular cuireadh AHL i bhfeidhm.

Rinneadh dianphlé agus machnamh ar shainaithint agus ar chlárú ainmhithe, lena n-áirítear bó-ainmhithe, faoi chuimsiú na gcruinnithe grúpa saineolaithe le linn 2018 agus 2019, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 á ullmhú. Pléadh an cur chuige maidir le eID, lena n-áirítear na gnéithe eacnamaíocha, go críochnúil agus coinníodh toradh na bpléití sin sa téacs deiridh den Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035. Measadh go raibh sé iomchuí go leanfadh den úsáid ag daoine a choinníonn ainmhithe a bheith deonach, mura rud é go mbeadh sé éigeantach faoi rialacha náisiúnta. Faoi chóras deonach den sórt sin, is daoine a choinníonn ainmhithe agus ar dóigh dóibh tairbhe eacnamaíocha a bhaint as eID, a roghnóidh é nó gheobhaidh siad dreasachtaí eile chun an modh seo a úsáid (e.g. bailiú sonraí a bharrfheabhsú) fad is féidir do dhaoine eile a choinníonn ainmhithe leanúint dá n-ainmhithe a aithint le dhá ghnáthchlib cluaise.

Suirbhé ar eID le haghaidh bó-ainmhithe

I mí Eanáir 2023, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar shuirbhé gairid, ag fiosrú faoina staid reatha maidir le eID le haghaidh bó-ainmhithe. Ghlac na 27 mBallstát ar fad, chomh maith leis an Eilvéis agus an Iorua, páirt sa suirbhé agus thug siad a gcuid freagraí. Tabharfar achoimre ar na freagraí i leanúint leis an tuarascáil seo.

Bhí na ceisteanna seo a leanas (grúpaí ceisteanna) sa suirbhé ar tugadh cuireadh do na Ballstáit a rannchuidiú a thabhairt:

1. An bhfuil eID le haghaidh bó-ainmhithe éigeantach i do Bhallstát?
2. An gceadaíonn tú eID deonach le haghaidh bó-ainmhithe i do Bhallstát?
3. Cé mhéad oibreoir (%) a chuireann eID deonach le haghaidh bó-ainmhithe i bhfeidhm i do Bhallstát?
4. Má tá eID le haghaidh bó-ainmhithe éigeantach nó deonach i do Bhallstát, cad é an modh/cad iad na modhanna atá údaraithe?
5. An measann tú go bhfuil na rialacha reatha maidir le eID le haghaidh bó-ainmhithe sásúil?

---

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha le haghaidh bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus maidir le hinrianaitheacht ainmhithe talún ar coimeád agus uibheacha goir áirithe (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115)

7 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/520 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe ar coimeád (IO L 104, 25.3.2021, lch. 39)


Anailís ar na torthaí

Féidearthacht de eID le haghaidh bó-ainmhithe a úsáid

I gCeist 1 agus i gCeist 2 iarradh ar na Ballstáit an staid reatha maidir leis an bhféidearthacht atá ag oibreoirí úsáid a bhaint as eID le haghaidh bó-ainmhithe. Ba iad na ceisteanna: “An bhfuil eID le haghaidh bó-ainmhithe éigeantach i do Bhallstát? Tá nó Níl” agus “An gceadaíonn tú eID deonach le haghaidh bó-ainmhithe i do Bhallstát? Ceadaíonn nó Ní cheadaíonn”.

I bhFíor 1, léirítear nach gceadaíonn ach 3 fhreagróir (dhá Bhallstát agus an Eilvéis) modh sainaitheantais leictreonach a chur in ionad ceann de na gnáthchlibeanna cluaise. I 21 tír (20 Ballstát), tá úsáid as eID le haghaidh bó-ainmhithe roghnach. I 5 Bhallstát, tá sé éigeantach eID le haghaidh bó-ainmhithe a úsáid. Ina theannta sin, tá eID éigeantach i gcuid de chríoch 2 Bhallstát, agus chuir 3 Bhallstát eile in iúl go bhfuil sé socraithe nó faoi bhreithniú ríomhaitheantas bó-ainmhithe a dhéanamh éigeantach ina gcríoch iomlán nó i gcuid di.

Fíor 1: An staid reatha sna Ballstáit




Úsáid reatha as eID le haghaidh bó-ainmhithe

Ní hionann an úsáid a bhaintear as eID le haghaidh bó-ainmhithe sna Ballstáit ina bhfuil sé sin roghnach ó 0 go 100 % de na daonraí bó-ainmhithe. I leath de na Ballstáit sin, úsáideann níos lú ná 1 % de na hoibreoirí a choimeádann bó-ainmhithe eID chun a n-ainmhithe a shainaithint. Tá an clúdach an-ard i roinnt tíortha faoi stiúir an tionscail go príomha, trí fhóirdheontais nó trí iarratais ó ghníomhaithe amhail an tionscal feola nó déiríochta maidir le hainmhithe a shainaithint go leictreonach. Léirítear na torthaí i bhFíor 2.

Fíor 2: Úsáid as eID le haghaidh bó-ainmhithe i dtíortha ina bhfuil sé seo roghnach


Cé mhéid de na hoibreoirí (%) a chuireann EID buaibheach deonach i bhfeidhm i do Bhallstát?



Modh leictreonach sainaitheantais údaraithe

Is iad clibeanna cluaise leictreonacha an rogha modh sainaitheantais sna Ballstáit a cheadaíonn úsáid as eID le haghaidh bó-ainmhithe. Tá an modh seo údaraithe ag na húdaráis inniúla i ngach tír ina bhfuil eID le haghaidh bó-ainmhithe éigeantach nó roghnach. Léirítear na torthaí i bhFíor 3.


Fíor 3: Cén modh leictreonach sainaitheantais atá údaraithe



Sástacht maidir leis na rialacha reatha

Measann tromlach mór na mBallstát go bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair maidir le sainaithint bó-ainmhithe sásúil nó an-sásúil, agus ní mheastar ach go bhfuil siad míshásúil ag Ballstát amháin. Léirítear na torthaí i bhFíor 4.

Fíor 4: Sástacht maidir leis na rialacha reatha



Conclúidí

Léiríonn an suirbhé ar eID le haghaidh bó-ainmhithe go bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair fós sásúil sna Ballstáit. Léirítear sa suirbhé freisin go bhfuil eID éigeantach le haghaidh bó-ainmhithe á chur i bhfeidhm nó go gcuirfear i bhfeidhm é ag 37 % de na Ballstáit ina gcríoch iomlán nó i gcuid di faoi na rialacha reatha. Ina theannta sin, cuirtear eID i bhfeidhm ar an daonra bó-ainmhithe ar fad nó ar sciar suntasach den daonra sin i roinnt tíortha ina bhfuil an úsáid roghnach.

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair maidir le sainaitheantas bó-ainmhithe, féadfaidh údarás inniúil gach Ballstáit úsáid as eID le haghaidh bó-ainmhithe a údarú ar bhonn deonach nó rialacha náisiúnta a leagan síos maidir le húsáid éigeantach eID le haghaidh bó-ainmhithe laistigh dá gcríocha. Cuireadh na rialacha sin i bhfeidhm go rathúil ó 2014 i leith, agus pléadh agus comhaontaíodh arís iad leis na Ballstáit nuair a forbraíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 in 2019, i gcomhthéacs an chreata dlí nua do shláinte ainmhithe. Measadh go raibh sé iomchuí an tsolúbthacht a choimeád do na hoibreoirí agus do na Ballstáit. Tá na rialacha athnuaite seo is infheidhme ón 21 Aibreán 2021.

De réir an Airteagal 282 AHL, déanfaidh an Coimisiún an Rialachán seo a mheasúnú mar aon leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 264 de agus tíolacfaidh sé torthaí na meastóireachta i dtuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná an 22 Aibreán 2026. Mar chuid den mheastóireacht sin, féadfar an taithí ar chur chun feidhme na rialacha maidir le sainaithint agus clárú bó-ainmhithe a mheasúnú arís, agus cumhdófar sa mheasúnú tréimhse níos faide maidir leis na rialacha a chur chun feidhme.

Bunaithe ar chonclúidí an tsuirbhé dá dtagraítear thuas, ar thoradh na bpléití sna sainghrúpaí agus leis na Ballstáit le linn fhorbairt na rialacha reatha agus na meastóireachta a bhfuiltear ag súil leo ar na rialacha sin, ní mholfaidh an Coimisiún aon tograí reachtacha ag an gcéim seo.